CINNEADH (CBES) 2020/2033 ÓN gCOMHAIRLE

an 10 Nollaig 2020

lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES [1] a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (DRC).

(2) An 12 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/2231 [2] mar fhreagra ar na bacainní a cuireadh ar an bpróiseas toghchánaíochta in DRC agus ar na sáruithe ar chearta an duine a bhí bainteach leo. Le Cinneadh (CBES) 2016/2231 leasaíodh Cinneadh 2010/788/CBES agus tugadh isteach bearta sriantacha uathrialacha in Airteagal 3(2) de Chinneadh 2010/788/CBES.

(3) Ar bhonn athbhreithniú a rinneadh ar na bearta sriantacha a leagtar síos in Airteagal 3(2) de Chinneadh 2010/788/CBES, ba cheart na bearta sin a athnuachan go dtí an 12 Nollaig 2021, agus ba cheart duine amháin a bhaint den liosta in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(4) Ba cheart na ráitis ar chúiseanna a bhaineann le daoine áirithe atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES a leasú.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 3(2) go dtí an 12 Nollaig 2021. Déanfar iad a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a gcuspóirí.";

(2) Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Nollaig 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

---

[1] Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2008/369/CBES (IO L 336, 21.12.2010, lch. 30).

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2016/2231 ón gComhairle an 12 Nollaig 2016 lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336I, 12.12.2016, lch. 7).

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN II

LIOSTA NA nDAOINE AGUS NA nEINTITEAS DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3(2)

A. Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Forais leis an liostú	Dáta an liostaithe
1	Ilunga KAMPETE	ar a dtugtar freisin Gaston Hughes Ilunga Kampete; Hugues Raston Ilunga Kampete. Dáta Breithe: 24.11.1964. Áit bhreithe: Lubumbashi, DRC Náisiúntacht: DRC Uimhir aitheantais mhíleata: 1-64-86-22311-29. Seoladh: 69, avenue Nyangwile, Kinsuka Mimosas, Kinshasa/Ngaliema, DRC. Inscne: Fireann	Agus é ina cheannasaí ar an Republican Guard (GR) go dtí mí Aibreáin 2020, bhí Ilunga Kampete freagrach as aonaid GR a imscaradh ar an talamh agus bhí baint aige le forneart agus cur faoi chois foréigneach a úsáid go díréireach i mí Mheán Fómhair 2016 in Kinshasa. Bhí sé freagrach freisin as cearta an duine a chur faoi chois agus as sárú ar chearta an duine a rinne gníomhairí GR, amhail slógadh den fhreasúra in Lubumbashi a chur faoi chois go foréigneach i mí na Nollag 2018. Ó mhí Iúil 2020, tá sé ina shaighdiúir ard-chéimneach, mar Leifteanant Ginearálta i bhFórsaí Armtha an Chongó (FARDC) agus ceannasaí bhunáit mhíleata Kitona i gCúige Chongó Láir. De bhua a fheidhmeanna, is air féin atá an fhreagracht as na sáruithe a rinne FARDC le déanaí ar chearta an duine. Dá bhrí sin, bhí baint ag Ilunga Kampete le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine in DRC.	12.12.2016
2	Gabriel AMISI KUMBA	ar a dtugtar freisin Gabriel Amisi Nkumba; "Tango Fort"; "Tango Four" Dáta Breithe: 28.5.1964 Áit breithe: Malela DRC Náisiúntacht: DRC Uimhir aitheantais mhíleata: 1-64-87-77512-30 Seoladh: 22, avenue Mbenseke, Ma Campagne, Kinshasa/Ngaliema, DRC Inscne: Fireann	Iar-Cheannasaí ar chéad chrios cosanta Fórsaí Armtha an Chongó (FARDC), ar ghlac a fhórsaí páirt i bhforneart agus cur faoi chois foréigneach a úsáid go díréireach i mí Mheán Fómhair 2016 in Kinshasa. Ina cháil mar Leas-Cheann Foirne ar FARDC, bhí sé i gceannas ar na hoibríochtaí agus ar an bhfaisnéis ó mhí Iúil 2018 go dtí mí Iúil 2020, agus mar gheall ar a dhualgais shinsearacha mar Ardchigire ar FARDC ó mhí Iúil 2020, tá sé freagrach as na sáruithe ar chearta an duine a rinne Gabriel Amisi Kumba le déanaí. Bhí baint aige dá bharr sin le gníomhartha arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine in DRC a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh.	12.12.2016

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Forais leis an liostú	Dáta an liostaithe
3	Ferdinand ILUNGA LUYOYO	Dáta Breithe: 8.3.1973. Áit bhreithe: Lubumbashi DRC. Náisiúntacht: DRC Uimhir phas: OB0260335 (bailí ó 15.4.2011 go 14.4.2016). Seoladh: 2, avenue des Orangers, Kinshasa/Gombe, DRC. Inscne: Fireann	Agus é ina Cheannasaí ar an aonad frithchíréibe, dá ngairtear *Légion Nationale d'Intervention* den Congolese National Police (PNC) go dtí 2017, agus mar Cheannasaí ar an aonad atá freagrach as institiúidí agus oifigigh ardchéime laistigh de PNC a chosaint go dtí mí na Nollag 2019, bhí Ferdinand Ilunga Luyoyo freagrach as forneart agus cur faoi chois foréigneach a úsáid go díréireach i mí Mheán Fómhair 2016 in Kinshasa, agus tá sé freagrach as na sáruithe ar chearta an duine a rinne an PNC ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, bhí baint ag Ferdinand Ilunga Luyoyo le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine in DRC. Choinnigh Ferdinand Ilunga Luyoyo a chéim mar ghinearál agus tá sé gníomhach fós ar an ardán poiblí in DRC.	12.12.2016
4	Célestin KANYAMA	Ar a dtugtar freisin Kanyama Tshisiku Celestin; Kanyama Celestin Cishiku Antoine; Kanyama Cishiku Bilolo Célestin; Esprit de Mort. Dáta Breithe: 4.10.1960. Áit bhreithe: Kananga DRC. Náisiúntacht: DRC. Uimhir phas DRC: OB0637580 (bailí ó 20.5.2014 go 19.5.2019). Deonaíodh víosa Schengen uimh. 011518403 dó, a eisíodh an 2.7.2016. Seoladh: 56, avenue Usika, Kinshasa/Gombe, DRC. Inscne: Fireann	Agus é ina Choimisinéir an Congolese National Police (PNC), bhí Célestin Kanyama freagrach as forneart agus cur faoi chois foréigneach a úsáid go díréireach i mí Mheán Fómhair 2016 in Kinshasa. I mí Iúil 2017, ceapadh Célestin Kanyama mar Ard-Stiúrthóir ar scoileanna oiliúna an PNC. Agus an ról sin mar oifigeach sinsearach in PNC a bheith aige, tá freagracht air as na sáruithe a rinne PNC le déanaí ar chearta an duine. Sampla amháin is ea imeaglú agus díothú na saoirse a d'fhorchuir oifigigh phóilíneachta ar iriseoirí i mí Dheireadh Fómhair 2018, tar éis foilsiú sraithe alt maidir le míleithreasú chiondálacha na ndaltaí póilíneachta, agus an ról a bhí ag Célestin Kanyama sna himeachtaí sin. Dá bhrí sin, bhí baint ag Célestin Kanyama le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine in DRC.	12.12.2016
5	John NUMBI	ar a dtugtar freisin John Numbi Banza Tambo; John Numbi Banza Ntambo; Tambo Numbi. Dáta Breithe: 16.8.1962. Áit bhreithe: Jadotville-Likasi-Kolwezi DRC. Náisiúntacht: DRC. Seoladh: 5, avenue Oranger, Kinshasa/Gombe, DRC. Inscne: Fireann	Bhí John Numbi ina Ard-Chigire ar Fhórsaí Armtha an Chongó (FARDC) ó mhí Iúil 2018 go dtí mí Iúil 2020. Agus an ról sin a bheith aige, tá freagracht air as na sáruithe a rinne FARDC le déanaí ar chearta an duine, amhail an foréigean díréireach a d'úsáid FARDC faoina údarás díreach ar mhianadóirí neamhdhleathacha ó mhí an Mheithimh go dtí mí Iúil 2019. Dá bhrí sin, bhí baint ag John Numbi le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine in DRC. Tá tionchar ag John Numbi ar FARDC i gcónaí, go háirithe in Katanga, áit ar tuairiscíodh go ndearna FARDC sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine.	12.12.2016

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Forais leis an liostú	Dáta an liostaithe
6	Evariste BOSHAB	ar a dtugtar freisin Evariste Boshab Mabub Ma Bileng. Dáta Breithe: 12.1.1956. Áit bhreithe: Tete Kalamba DRC. Náisiúntacht: DRC. Uimhir an phas taidhleoireachta: DP0000003 (bailí ó 21.12.2015 go dtí 20.12.2020). Víosa Schengen in éag an 5.1.2017. Seoladh: 3, avenue du Rail, Kinshasa/Gombe, DRC. Inscne: Fireann	Ina cháil mar Leas-Phríomh-Aire agus ina Aire Gnóthaí Baile agus Slándála ó mhí na Nollag 2014 go dtí mí na Nollag 2016, bhí Evariste Boshab freagrach go hoifigiúil as na seirbhísí póilíneachta agus slándála agus as comhordú a dhéanamh ar obair gobharnóirí cúigeacha. Sa cháil sin, bhí sé freagrach as gníomhaithe agus comhaltaí den fhreasúra a ghabháil, chomh maith le leas díréireach a bhaint as forneart, lena n-áirítear idir mí Mheán Fómhair 2016 agus mí na Nollag 2016 mar fhreagairt ar léirsithe in Kinshasa, agus an toradh air gur mharaigh nó gur ghortaigh seirbhísí slándála líon mór sibhialtach. Is amhlaidh mar sin go raibh baint ag Evariste Boshab le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine in DRC. Bhí baint ag Evariste Boshab freisin leis an ngéarchéim i réigiún Kasai a dhúshaothrú agus le cur léi, réigiún ina bhfuil cumhacht nach beag aige i gcónaí, go háirithe ó ceapadh ina Senator ar Kasai é i mí Mhárta 2019.	29.5.2017
7	Alex KANDE MUPOMPA	ar a dtugtar freisin Alexandre Kande Mupomba; Kande-Mupompa. Dáta Breithe: 23.9.1950. Áit bhreithe: Kananga, DRC Náisiúntacht: DRC agus Beilgeach. Uimhir pas Phin DRC: OP0024910 (bailí ó 21.3.2016 go 20.3.2021). Seoltaí: Messidorlaan 217/25, 1180 Uccle, Belgium 1, avenue Bumba, Kinshasa/Ngaliema, DRC. Inscne: Fireann	Agus é ina Ghobharnóir ar Kasai Láir go dtí mí Dheireadh Fómhair 2017, bhí Alex Kande Mupompa freagrach as an úsáid dhíréireach a bhain fórsaí slándála agus Póilíní Náisiúnta an Chongó (PNC) as forneart, cur faoi chois foréigneach agus maruithe seachbhreithiúnacha in Kasai Láir ó mhí Lúnasa 2016, lena n-áirítear maruithe ar chríoch Dibaya i mí Feabhra 2017. Is amhlaidh mar sin go raibh baint ag Alex Kande Mupompa le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine in DRC. Bhí baint ag Alex Kande Mupompa freisin leis an ngéarchéim i réigiún Kasai a dhúshaothrú agus le cur léi, áit a raibh sé ina ionadaí go dtí mí Dheireadh Fómhair 2019 agus ina bhfuil cumhacht nach beag aige i gcónaí mar cheannaire ar *Congrès des alliés pour l'action au Congo* (CAAC) atá ina chuid de rialtas cúigeach Kasai.	29.5.2017
8	Jean-Claude KAZEMBE MUSONDA	Dáta Breithe: 17.5.1963. Áit bhreithe: Kashobwe DRC. Náisiúntacht: DRC. Seoladh: 7891, avenue Lubembe, Quartier Lido, Lubumbashi, Haut-Katanga, DRC.	Agus é ina Ghobharnóir ar Haut-Katanga go dtí mí Aibreáin 2017, bhí Jean-Claude Kazembe Musonda freagrach as an úsáid dhíréireach a bhain fórsaí slándála agus PNC as forneart agus cur faoi chois foréigneach in Haut-Katanga, lena n-áirítear idir an 15 agus an 31 Nollaig 2016, nuair a maraíodh 12 shibhialtach agus nuair a gortaíodh 64 mar thoradh ar fhorneart marfach a d'úsáid fórsaí slándála, gníomhairí Póilíní Náisiúnta an Chongó (PNC) ina measc, mar fhreagra ar agóidí in Lubumbashi.	29.5.2017

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Forais leis an liostú	Dáta an liostaithe
		Inscne: Fireann	Is amhlaidh mar sin go raibh baint ag Jean-Claude Kazembe Musonda le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine in DRC. Tá Jean-Claude Kazembe Musonda ina cheannaire ar pháirtí CONAKAT, páirtí atá dílis i gcónaí do *Front Commun pour le Congo* (FCC).	
9	Éric RUHORIMBERE	ar a dtugtar freisin Eric Ruhorimbere Ruhanga; "Tango Two"; "Tango Deux". Dáta Breithe: 16.7.1969. Áit bhreithe: Minembwe DRC. Náisiúntacht: DRC. Uimhir aitheantais mhíleata: 1-69-09-51400-64. Uimhir pas Phin DRC OB0814241. Seoladh: Mbujimayi, Kasai Province, DRC Inscne: Fireann	Agus é ina Leas-Cheannasaí ar an 21ú réigiún míleata ó mhí Mheán Fómhair 2014 go dtí mí Iúil 2018, bhí Éric Ruhorimbere freagrach as úsáid dhíréireach fornirt agus as maruithe seachbhreithiúnacha a rinne Fórsaí Armtha an Chongó (FARDC), go háirithe i gcoinne mhílíste Nsapu agus i gcoinne ban agus leanaí. Tá Éric Ruhorimbere ina Cheannasaí ar earnáil oibríochtúil an Nord Equateur ó mhí Iúil 2018. Agus an ról sin a bheith aige, tá freagracht air as na sáruithe a rinne FARDC le déanaí ar chearta an duine. Is amhlaidh mar sin go raibh baint ag Éric Ruhorimbere le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine in DRC.	29.5.2017
10	Emmanuel RAMAZANI SHADARI	ar a dtugtar freisin Emmanuel Ramazani Shadari Mulanda; Shadary. Dáta Breithe: 29.11.1960. Áit bhreithe: Kasongo DRC. Náisiúntacht: DRC. Seoladh: 28, avenue Ntela, Mont Ngafula, Kinshasa, DRC. Inscne: Fireann	Agus é ina Leas-Phríomh-Aire agus ina Aire Gnóthaí Baile agus Slándála go dtí mí Feabhra 2018, bhí Emmanuel Ramazani Shadari freagrach go hoifigiúil as na seirbhísí póilíneachta agus slándála agus as comhordú a dhéanamh ar obair gobharnóirí cúigeacha. Sa cháil sin, bhí sé freagrach as gníomhaithe agus comhaltaí den fhreasúra a ghabháil, chomh maith le forneart a úsáid go díréireach, amhail cniogbheartaíocht fhoréigneach ar chomhaltaí den ghluaiseacht Bundu Dia Congo (BDK) in Kongo Láir, as an gcur faoi chois in Kinshasa ó mhí Eanáir gomí Feabhra 2017 agus as forneart agus cur faoi chois foréigneach a úsáid go díréireach i gcúigí Kasai. Sa cháil sin, is amhlaidh mar sin go raibh baint ag Alex Kande Mupompa le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine in DRC. Ó mhí Feabhra 2018, tá Emmanuel Ramazani Shadari bhuanrúnaí ar *Parti du peuple pour la reconstruction et le développement* (PPRD), an príomhpháirtí sa chomhghuaillíocht faoin iarUachtarán Joseph Kabila.	29.5.2017

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Forais leis an liostú	Dáta an liostaithe
11	Kalev MUTONDO	ar a dtugtar freisin Kalev Katanga Mutondo, Kalev Motono, Kalev Mutundo, Kalev Mutoid, Kalev Mutombo, Kalev Mutond, Kalev Mutondo Katanga, Kalev Mutund. Dáta Breithe: 3.3.1957. Náisiúntacht: DRC. Uimhir an Phas: DB0004470 (bailí ó 8.6.2012 go 7.6.2017) Seoladh: 24, avenue Ma Campagne, Kinshasa, DRC. Inscne: Fireann	Agus é ina Cheannasaí na Seirbhíse Náisiúnta Faisnéise (ANR) go dtí mí Feabhra 2019, bhí baint ag Kalev Mutondo le comhaltaí den fhreasúra, gníomhaithe sa tsochaí sibhialta agus daoine eile a ghabháil go treallach agus a choinneáil agus le drochíde a thabhairt dóibh agus bhí sé freagrach as an méid sin. Is amhlaidh mar sin go raibh baint ag Kalev Mutondo le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine in DRC. I mí na Bealtaine 2019, shínigh sé dearbhú maidir le dílseacht san am atá caite agus sa todhchaí do Joseph Kabila agus tá sé mór leis i gcónaí. Tá tionchar mór polaitiúil fós ag Kalev Mutondo ina ról nua mar “chomhairleoir polaitiúil” do Phríomh-Aire DRC.	29.5.2017

B. Eintitis.”